Gluais

Dogman le Dav Pilkey

Leathanach	Téarma	Míniú
3	an greannán	Scéal nó leabhar ina bhfuil neart pictiúr, a insíonn scéal eachtraíochta nó scéal grinn
4	an chontúirt	an baol, an dainséar
5	an eachtra	an rud a tharlaíonn gan choinne nó scéal lán le hiontais agus gaisce
	rud aisteach	rud neamhghnách
	thosaigh rudaí ag dul i bhfeabhas	thosaigh rudaí ag éirí níos fearr
8	ag maisiú	ag breáthú, ag ornáidiú, ag cur leis an gcuma atá ar rud
10	an troscán	cathaoir, leaba nó bord mar shampla, earraí tí
	an ceannasaí	an duine atá i gceannas, ceannaire nó máistir
12	fionnadh madra	gruaig ainmhí
13	bhí sé ar buile	bhí sé feargach
14	bhí sé imníoch	bhí sé buartha
15	réiteach ar an scéal	freagra, plean chun dul i ngleic le fadhb/ceist
16	an tsreang	an téad nó an corda
17	bhufásach	uafásach i dteanga na madraí (focal a chum údar an scéil nó an t-aistritheoir)
	braith; bhraith sé	mothaigh; mhothaigh sé
18	aireoidh mé uaim é	beidh mé caillte gan é, nó beidh mé brónach nuair nach bhfuil sé ann.
	an cloigeann	an ceann

19	an dóchas	mothú de bheith ag tnúth nó ag súil go dtarlódh rud éigin
24	na pléascóga	rudaí beaga a dhéanann torann, agus a phléascann nuair a chaitear iad; buamaí beaga bídeacha
28	an t-ollúsghlantóir	Folúsghlantóir an-mhór/ ollmhór (focal a chum údar/aistritheoir an scéil seo)
29	an t-inneall	gléas a bhogann carr, traein srl.
	inneall cumhachtach	inneall láidir neartmhar
31	slog; shlog sé mo chlár	alp; d'alp sé mo chlár
32	go beo	go gasta/ go tapa
	a fhliuchadh	a dhéanamh fliuch; uisce a chur ar rud éigin ionas go mbeadh sé fliuch
34	a bheith sna sála ag duine; an tsáil/na sála	a bheith taobh thiar de dhuine, an-chóngarach dó. Cuid den chos faoin rúitín í an tsáil.
36	an crúba	lámh chait, éin, portáin
	ag stróiceadh	ag sracadh/ ag déanamh píosaí beaga de rud éigin
38	an tonn/na tonnta	balla uisce, beag nó mór, ar an bhfarraige
41	an chorrmhéar	an mhéar is gaire don ordóg
52	an mún	an fual/an leacht a thagann amach nuair a théann tú go dtí an leithreas
55	an méara	an duine atá i gceannas ar bhaile nó ar chathair, m.sh. méara ar Chorcaigh
56	éalaithe; éalaigh	imithe gan fhios, teite,
	an phobalbhreith	an suirbhé ina léiríonn daoine a dtuairim/a mbarúil
61	an mhonarcha	an foirgneamh ina ndéantar earraí

62	beidh mé i gceannas	beidh údarás agam nó beidh tús áite agam sa bhaile seo
65	rud atá dofheicthe	rud nach féidir a fheiceáil
69	éalaigh; an t-éalú	imigh gan fhios, teith; an teitheadh
70	chuir mé fainic ort	thug mé rabhadh/foláireamh duit
71	bobarún, a bhobarúin	amadán; a amadáin
76	bunaithe; bhunaigh sé rud	tosaithe; thosaigh sé; chuir sé rud ar bun
	bithiúnach/ bithiúnaigh	rógaire/rógairí; gadaí/gadaithe, drochdhuine/drochdhaoine
	tá sé sin mídhleathach	tá sé sin i gcoinne an dlí (rialacha na tíre)
	an mangaire	an déileálaí; an peidléir, an gáinneálaí
77	an pionós	an rud a chaitear a dhéanamh má bhristear rialacha/ dlíthe
	an coir	an gníomh in aghaidh an dlí
78	téigh i mbun oibre	tosaigh ag obair
85	ag scanrú	ag cur eagla nó faitíos ar dhuine/dhaoine
86	an t-ionsaí	tabhairt faoi dhuine nó áit éigin go tobann agus go foréigneach
104	duine a ghabháil	duine a chur sa phríosún
	an óráid	an chaint fhoirmeálta
109	prislín/prislíní	braon/braonta beaga uisce a thagann ón mbéal
111	rachaimis ar bhóithrín na	smaoineoimid siar ar an am fadó

	smaointe	
112	an fógra	an póstaer eolais
	faoi iamh	ceangailte le litir
	iliomad tagairtí	an-chuid/go leor tagairtí
	tagairt/tagairtí a dhéanamh do rud	rud a lua, nó labhairt air
	daoine gan dídean	daoine nach bhfuil baile (teach/ árasán mar shampla) acu
	an foréigean	an chos ar bolg, fórsa
	Is geall le zú an seomra	tá an seomra cosúil le zú
	comhairle a chur ar dhuine	moladh, cuidiú, treoir a thabhairt do dhuine
	comhairle shíceolaíoch	moladh, cuidiú, treoir a thabhairt do dhuine faoin intinn
	ábalta é a leigheas	in ann é a réiteach
113	an cillín	seomra beag i bpríosún, ina mbíonn coirpigh faoi ghlas
115	an chlisteacht	an éirim
116	clistemhéadar	gléas atá in ann clisteacht duine a thomhas (ní ann dó sa saol mar atá!)
117	scriosántóir	Gléas atá in ann fáil réidh go hiomlán le rudaí (ní ann dó sa saol mar atá)
119	an choicís	tréimhse dhá sheachtain
	saoi/saoithe	saineolaí (duine a bhfuil go leor eolais aige ar thopaic éigin)
125	an coirpeach	an duine a bhriseann an dlí
126	ar thóir an bhradáin feasa	ag lorg eolais (ba iasc é an bradán feasa, ón scéal Fiannaíochta, a thugann gach eolas ar domhan don

		duine a bhlaiseann de).
127	i mo dhráiríní	i m’fhobhríste
	an díosal	an breosla a chuirtear i gcarr
131	dosaen	dhá cheann déag
	togha (tá mé togha)	go bréa (tá mé go breá)
132	an béigeal	rolla aráin déanta i bhfoirm ciorcail
135	tá mé stiúgtha	tá ocras an domhain orm
	tá mé bréan de rud/duine	tá mé tinn tuirseach de rud. Gan a bheith ag iarraidh a bheith le duine a thuilleadh.
137	an toitín	an tobac
138	tá mé in ísle brí	tá lagmhisneach orm, tá mé an-bhrónach
	tá sé rúnda	tá sé mistéireach/ tá sé príobháideach
140	boladh bréan	boladh lofa
157	an eipealóg	an chaibidil bhreise ag deireadh scéil
159	an t-éirí amach	an ceannairc/an reibiliún
	an cogadh	an troid mhór
179	beidh siad i ngreim	beidh siad sáinnithe
	an ceacht	an rud atá le foghlaim
182	glacfaimid seilbh ar an domhan	gheobhaimid úinéireacht ar an domhan
183	an tsaoirse	an neamhspleáchas
184	tá sé faoi ghlas	tá sé dúnta le heochair
185	an cú	an madra
	an brúiteoir	Gléas a chuireann brú ollmhór ar rud chun go mbeidh sé níos lú, nó chun smíste a dhéanamh de.

186	tá mé sáinnithe	tá mé i bponc
	tá sé slán	tá sé sábhailte
189	éist do bhéal!	bí ciúin!
191	bhí a neart daonna ag imeacht	bhí a láidreacht nádúrtha ag teip air
192	géill do dhuine	lig do dhuine an lámh in uachtar a fháil
194	as ifreann	ón áit thíos ina gcónaíonn an diabhal
209	ní stopfaidh muid choíche	ní stopfaimid riamh
232	disléicse	dúshlán foghlama a bhaineann le huimhreacha nó litreacha a léamh
	bronn duais air	tabhair rud mar dhuais dó
	d'fhoilsigh Dav leabhar	Chuir Dav leabhar i gcló
	an comhbhá	an trua, an comhbhrón
	an té	an duine
234	tá mé faoi gheasa aige	tá mé faoi dhraíocht aige
236	ag tónacán	ag gluaiseacht agus tú i do shuí ar do thóin

Saibhreas cainte

tá an lámh in uachtar agam	tá mé i gceannas
tá saol an mhadra bháin aici	tá saol bog sona aici
beidh an lá linn	Beidh an bua/ an lámh in uachtar againn
rith sí ar nós na gaoithe	rith sí go han-tapa, iontach gasta
tá a chosa nite	tá sé i bponc ceart/ tá a phort seinnte.
tabhair bata agus bóthar dó	caith amach é/cuir chun siúil é

déantar beag is fiú de Dog Man	caitear anuas ar Dog Man/ scéal beag a dhéanamh de Dog Man